Stáisiún raidió Gaeilge

Nuacht TG4 (Leibhéal B2)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin spéis atá ag daoine óga i raidió lán-Ghaeilge. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. An dóigh leat go n-éisteann daoine óga leis an raidió go minic?
2. Conas agus cén áit is mó a mbíonn daoine ag éisteacht leis an raidió sa lá atá inniu ann?
3. Cad iad na stáisiúin is mó a thaitníonn:
   - leat féin?
   - le daoine óga?
   - le daoine níos sine?
4. An bhfuil cur amach agat ar na stáisiúin seo?

5. Agus cad faoi na cinn eile seo – *Raidió na Gaeltachta*, *Raidió na Life* agus *Raidió Fáilte*?

B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

newly-published: _____
range: _____
digital platforms: _____
blessing: _____
hybrid: _____
research: _____
on a weekly basis: _____
which attracts: _____
content: _____
commercial station: _____

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. Cén Ghaeilge atá ar na focail seo: *project*, *industry* agus *proposal*? Cén focal a bhí sa mhír?

4. Cad iad na slite ar fad atá ar eolas agat chun '*I'm interested in*' a rá as Gaeilge? Cad a bhí sa mhír chun *'interest'* a rá?

C: TUISCINT

Líon na bearnaí sna habairtí thíos leis an eolas cuí on mír.

1. D'fhoilsigh _____ taighde a léiríonn an spéis atá ag daoine óga i stáisiún raidió lán-Ghaeilge.

2. Éisteann _____% de dhaoine óga, timpeall 1.1 milliún ógánach, leis an raidió gach seachtain.

3. Bheadh an stáisiún nua Gaeilge dírithe ar dhaoine idir __agus __ bliain d'aois.

4. Bheadh _____% sásta éisteacht le raidió lán-Ghaeilge dá mbeadh suim acu san ábhar.

5. Is é/í an _____ an rud is mó a thaitníonn le daoine óga agus iad ag éisteacht leis an raidió.

6. Deir Jamie Ó Flannúra gur cheart infheistíocht a dhéanamh sa stáisiún raidió, Rí-Rá, chun go mbeadh _____.

7. Síleann Louise Cantillon gur cheart níos mó ábhar Gaeilge _____.

8. An t-aon cheist atá ag Éamon Ó Cuív ná _____.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (na briathra)

a) Éist go cúramach leis an mír arís. Cén leagan de na briathra thíos a bhí le cloisteáil inti. Cén aimsir atá i gceist le gach sampla?

Léirigh	**léiríonn**	**an aimsir láithreach**
Foilsigh	_____	_____
Dírigh	_____	_____
Léirigh	_____	_____
Éist	_____	_____
Labhair	_____	_____
Tacaigh	_____	_____

b) Bhí cúpla sampla den bhriathar ‘bí’ sa mhodh coinníollach. Ar chuala tú iad? Éist arís.

2: Cruinneas gramadaí (céimeanna comparáide na haidiachta)

a) Féach ar an sampla seo a bhí sa mhír: ‘... gurb é an ceol is ansa leo...’

Cad is brí le ‘is ansa le’?

b) Tá roinnt foirmeacha mírialta ag cuid de na haidiachtaí is coitianta. An bhfuil na cinn seo thíos ar eolas agat?

beag	níos lú	is lú
mór	_____	_____
olc	_____	_____
maith	_____	_____
gearr	_____	_____
fada	_____	_____

c) Bain úsáid as na samplaí thuas chun cúpla abairt a scríobh, ag déanamh comparáid idir rudaí áirithe i do shaol. Mar shampla:

Tá mo mhála níos lú ná mála Shíle.

E: CUMARSÁID

1: Scríobh

a) Scríobh ceisteanna (suirbhé) le cur ar dhaoine sa rang faoi na nósanna atá acu maidir le héisteacht leis an raidió.

Mar shampla:

An éisteann tú le …….? (raidió, raidió digiteach, podchraoltaí, as Gaeilge)

Cé chomh minic….?

b) Déan ransú intinne leis an rang iomlán ar na cineálacha cláir atá ar an raidió faoi láthair. Scríobhaigí liosta agus bíodh deich gclár ar an liosta agaibh. Bí ag obair leat féin ansin agus roghnaigh na trí chlár is mó a thaitníonn leat ón liosta. Pléigh na tuairimí a bhí ag na daoine eile sa rang.

2: Caint

Cuir na ceisteanna a chum sibh faoi Caint ar a chéile anois.



AN SCRIPT

Eimear Ní Chonaola
Léiríonn taighde nuafhoilsithe ó Údarás Craolacháin na hÉireann go bhfuil spéis ag lucht éisteachta raidió, atá níos óige, i réimse leathan ábhair a bheith ar fáil i nGaeilge ar an raidió agus ar na hardáin dhigiteacha. Tá a beannacht tugtha ag Aire na Meán[1], Catherine Martin, do bhunú stáisiún raidió hibrideach, lánaimseartha Gaeilge a bheadh dírithe ar dhaoine idir cúig bliana déag agus tríocha is a ceathair bliain d'aois.

Marian O'Flaherty
Inniu, d'fhoilsigh Údarás Craolacháin na hÉireann, in éineacht le Foras na Gaeilge, tionscadal taighde chun an leibhéal spéise i seirbhís raidió Gaeilge, a dhíríonn ar an aos óg, a fhiosrú. Léirítear i sonraí JNLR, an Comhchoiste Náisiúnta ar Lucht Éisteachta[2], go n-éisteann beagnach 87% díobh siúd idir 15–34 bliain d'aois leis an raidió ar bhonn seachtainiúil, thart ar 1.1 milliún ógánach. Is é an ceol an príomhrud a mheallann an lucht éisteachta óg. Deir 53% gurb é an ceol an rud is ansa leo. Bheadh 70% sásta éisteacht le seirbhís lán-Ghaolainne dá labhrófaí ar an stáisiún faoi na hábhair atá tábhachtach dóibh.

Jamie Ó Flannúra, Craoltóir agus iarBhainisteoir Raidió Rí-Rá
Bheinn ag moladh breis infheistíochta a chur isteach chuig an stáisiún ceoil atá ann cheana féin dírithe ar dhaoine óga, Raidió Rí-Rá, ionas go mbeidh seirbhís ar fáil do dhaoine óga fud fad na tíre go lánaimseartha.

Marian O'Flaherty
Ach cé go bhfuil suim á léiriú, is léir ón taighde go bhfuil daoine óga ag dul i dtreo éisteacht le hábhar digiteach. Inniu, dúirt an tAire Cultúir, Catherine Martin, go dtacaíonn sí go láidir le níos mó seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil, go háirithe do dhaoine óga ach go bhfuil sé tábhachtach tuiscint a fháil ar cad a theastaíonn uathu óna leithéid de sheirbhís.

Louise Cantillon, Craoltóir Raidió, Today FM
Cinnte, bheadh sé iontach stáisiún go hiomlán trí Ghaeilge do dhaoine óga a chlos[3] ar FM amach anseo. Ach, i láthair na huaire agus láithreach is féidir linn níos mó Gaeilge a chur ar an aer. Tá go leor stáisiúin raidió iontacha againn anseo in Éirinn agus is féidir linn níos mó *content*[4] a chur ar fáil.

Éamon Ó Cuív, Teachta Dála, Fianna Fáil
Os cionn fiche bliain ó shin bhí coiste daoine óga curtha ar bun agamsa. Uimhir a haon éileamh a bhí acu ná raidió do na daoine óga. Tá sé fós ann; ba cheart é a chur ar bun láithreach. An t-aon cheist amháin atá agamsa ná ar cheart go mbeadh sé mar chuid de ghrúpa RTÉ nó mar stáisiún tráchtála.

Marian O'Flaherty
Marian O'Flaherty, Nuacht TG4.

[1] *An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán* an teideal oifigiúil
[2] *Joint National Listenership Research / an Comhthaighde Náisiúnta ar Lucht Éisteachta* an teideal oifigiúil
[3] a chlos = leagan canúnach de 'a chloisteáil'
[4] 'ábhar' an leagan Gaeilge

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cuir gach beirt ina suí le chéile agus abair leo na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na freagraí a bhí acu leis an rang iomlán. Tabhair deis dóibh freisin dul go dtí na suíomhanna atá ag na stáisiúin áirithe:

https://www.todayfm.com
https://www.rrr.ie/
https://www.rte.ie/radio/rnag/
http://www.raidionalife.ie/
https://raidiofailte.com/

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

newly-published	nuafhoilsithe
range	réimse
digital platforms	ardáin dhigiteacha
blessing	beannacht
hybrid	hibrideach
research	taighde
on a weekly basis	ar bhonn seachtainiúil
which attracts	a mheallann
content	ábhar
commercial station	stáisiún tráchtála

2. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail a d'aimsigh siad féin a chur i gcomparáid leis na focail a bhí sa mhír.
3. Tionscadal – project; tionscal – industry; togra –proposal; tionscnamh - initiative
4. Tá spéis/suim agam ann. Bhí 'spéis' agus 'suim' sa mhír.

C: TUISCINT

1. D'fhoilsigh **Údarás Craolacháin na hÉireann** taighde a léiríonn an spéis atá ag daoine óga i stáisiún raidió lán-Ghaeilge.
2. Éisteann **87**% de dhaoine óga, timpeall 1.1 milliún ógánach, leis an raidió gach seachtain.
3. Bheadh an stáisiún nua Gaeilge dírithe ar dhaoine idir **15 - 34** bliain d'aois.
4. Bheadh **70**% sásta éisteacht le raidió lán-Ghaeilge dá mbeadh suim acu san ábhar.
5. Is é an **ceol** an rud is mó a thaitníonn le daoine óga agus iad ag éisteacht leis an raidió.
6. Deir Jamie Ó Flannúra gur cheart infheistíocht a dhéanamh sa stáisiúin raidió, Rí-Rá, **chun go mbeadh seirbhís ar fáil do dhaoine óga go lánaimseartha fud fad na tíre**.
7. Síleann Louise Cantillon gur cheart níos mó ábhar Gaeilge **a chur ar fáil sna stáisiúin atá ann cheana féin**.
8. An t-aon cheist atá ag Éamon Ó Cuív ná **an mbeidh an stáisiún nua mar chuid de ghrúpa RTÉ nó ina stáisiún tráchtála**.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (na briathra)

a)

Foilsigh	d'fhoilsigh	an aimsir chaite
Dírigh	a dhíríonn	an aimsir láithreach
Léirigh	léirítear	an aimsir láithreach, briathar saor
Éist	go n-éisteann	an aimsir láithreach
Labhair	dá labhrófaí	an modh coinníollach
Tacaigh	go dtacaíonn	an aimsir láithreach

b) 'a bheadh', 'bheadh' x 2, 'bheinn', 'go mbeadh'.

2: Cruinneas gramadaí (céimeanna comparáide na haidiachta)

a) Is ansa le – *most cherished, dearest, favourite*.

b)

beag	níos lú	is lú
mór	níos mó	is mó
olc	níos measa	is measa
maith	níos fearr	is fearr
gearr	níos giorra	is giorra
fada	níos faide	is faide

Cumarsáid

1: Scríobh

Roinn an rang i ngrúpaí agus abair leo ceisteanna a scríobh le chéile le cur ar a chéile ar ball beag. Ba cheart go mbeadh na ceisteanna dírithe ar na nósanna éisteachta atá acu chun a fháil amach cad iad na stáisiúin raidió a n-éisteann siad leo, cathain a éisteann siad leo, agus conas a éisteann siad leis an raidió. Caithfidh siad, chomh maith, liosta a chruthú de na cineálacha cláir atá ann faoi láthair; na trí chlár is fearr leo ón liosta a roghnú; agus an cinneadh sin a phlé leis na daoine eile. Féach ar na ceisteanna agus an liosta thíos mar threoir:

1. *An éisteann tú leis an raidió? Cé chomh minic?*
2. *An éisteann tú le podchraoltaí? Cé chomh minic?*
3. *An éisteann tú leis an raidió nó le podchraoltaí i nGaeilge? Cén fáth?*
4. *Cé na cineálacha clár raidió a thaitníonn leat féin? Roghnaigh na trí chlár is mó a thaitníonn leat ón liosta seo:*
    - *clár nuachta*
    - *clár spóirt*
    - *clár ceoil*
    - *clár faisnéise*
    - *clár faoi chultúr na hÉireann*
    - *clár faoi chultúir an domhain*
    - *clár taistil*
    - *clár faoi fhaisean*
    - *clár coirscéalta*
5. *Cad a bhí ag na daoine eile? An dtaitníonn na cláir chéanna libh?*

2: Caint

Iarr orthu ansin na ceisteanna a chum siad faoi Scríobh a phlé le chéile. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo.

Curtha ar fáil ag

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4